



Cluichí Focal



Cabhraíonn caidreamh leanaí lena dteaghlach agus leis na daoine ina dtimpeall a mbealaí smaointeoireachta féin a mhúnlú. Is féidir linn tacú le forbairt teanga na leanaí trí chuid de na cluichí seo a leanas a imirt sa bhaile. Níl aon rud eile de dhíth, is féidir úsáid a bhaint as na rudaí atá ar fáil sa teach agus ina thimpeall. Is féidir iad a imirt taobh istigh agus taobh amuigh.

Roinnt cluichí focal le himirt le do leanbh:

- “Feicim le mo shúilín beag”. Bain úsáid as fuaimeanna agus rímeanna in áit litreacha. Mar shampla, “rud éigin le fuaim cosúil le hata/mata/bata” nó “rud éigin a dhéanann rím le fuinneog/barróg/naomhóg”.
- Iarr ar do leanbh dul ag lorg cruth igin nó dath éigin a bhfuil aithne acu air sa teach agus tacaigh leo iad a fháil. Is féidir leis an leanbh a bheith i gceannas sa chluiche seo trí roinnt cruthanna a ainmniú. Féadann tú an cluiche seo a thosú trí cheist oscailte a chur, mar shampla “an féidir leat ciorcal a fheiceáil sa chistin?” nó “cad iad na cruthanna a fheiceann tú ar an mbord?”
- Smaoinigh ar na cluichí focal eile is féidir leat a imirt le do pháiste. An bhfuil aithne ag do leanbh ar scéalta nó rainn páistí – an féidir leat an abairt a thosú tú féin agus ansin spreag do leanbh í a chríochnú, nó sealaocht a dhéanamh agus gach dara focal a rá?



Má spreagfaidh tú do leanbh a bheith i gceannas sna cluichí seo, is féidir go méadóidh a gcuid muiníne agus a gcuid féinmheasa.

Trí chluichí focal a imirt agus sibh ag dul thart, is féidir leat tacú le do leanbh míniú comharthaí a fhoghlaim go tapa. Mar shampla beidh aithne ag leanaí ar na háirsí ar an gcomhartha McDonalds, nó an crann ar an gcomhartha Spar. Tugtar léitheoireacht logografach air seo agus is céim thábhachtach í i dtreo na léitheoireachta.



Moltaí le haghaidh tuilleadh foghlama

Foghlaimíonn leanaí trí rudaí a athdhéanamh. Is féidir leis an athdhéanamh tacú le do leanbh máistreacht a fháil ar scileanna ar nós amhrán nó rann páistí a chur de ghlanmheabhair. Má cheapann tú go dtaitníonn cluiche éigin go mór le do leanbh, is féidir go mbainfidh siad tairbhe as é a athimirt.

Iarr ar an leanbh cén cluiche focal ar mhaith leo a imirt leat agus cén athruithe ar mhaith leo sa chluiche chun níos mó spraoi a fháil.

Spreag do leanbh rialacha an chluiche a chruthaigh sibh le chéile a mhíniú, a cheistiú agus idirbheartaíocht a dhéanamh fúthu.

Má tá litreacha plaisteacha, litreacha maighnéadacha nó bloic litreach sa teach, agus do leanbh in ann litriú, imrígí cluiche faoi fhocail a dhéanamh.


Agus leanaí níos sine i gceist, déan crosfhocal nó cuardach focal duit féin – ní gá ach páipéar agus peann luaidhe.



An féidir libh cluichí tomhais agus cluichí ríme a imirt ag amanna éagsúla sa lá?

Cad atá mo leanbh ag foghlaim?

Is féidir le cluichí focal agus comhráite caint agus scileanna luathlitearthachta do linbh a chothú. Féadann spraoi le focail a gcruthaitheacht agus a samhlaíocht a thacú.



An Roinn Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth